— a ordú don Choimisiún Eorpach na costais a íoc.

**Saincheisteanna dlí agus príomhargóintí**

Mar thaca leis an gcaingean, maíonn an t-iarratasóir ceithre shaincheist dlí.

1. An chéad saincheist dlí lena n-éilítear go ndearna an Coimisiún Airteagal 107(2)(b) CFAE a chur i mífheidhm agus go ndearna sé earráid fhollasach measúnaithe in athbhreithniú na comhréireachta ar an gcabhair don damáiste a rinneadh mar gheall ar phaindéim COVID-19.

2. An dara saincheist dlí lena n-éilítear go sáraítear, leis an gcinneadh, forálacha sonracha CFAE agus na prionsabail ghinearálta dhlí AE, lena bhfuiltear ag tacú leis an léirscaoileadh ar aeriompar an Aontais ó dheireadh na 1980idí (i.e., neamh-idirdhealú, saorsholáthar seirbhísí agus saoirse bunaíochta).

3. An tríú saincheist dlí lena n-éilítear gur mhainnigh an Coimisiún tús a chur le himscrúdú foirmiúil in ainneoin "deachrachtaí tromchúiseacha" a bheith ann agus gur sáraíodh cearta nós imeachta an iarratasóra.

4. An ceathrú saincheist dlí lena n-éilítear, sárú ar dhualgas an Choimisiún chun réasúin a shonrú de bhun Airteagal 296(2) CFAE.

---

**Caingean arna tabhairt an 12 Aibreán 2022 – BNP Paribas v BCE**

**(Cás T-186/22)**

(2022/C 213/61)

*Teanga an cháis: an Fhraincis*

**Páirtithe**

*Iarratasóir:* BNP Paribas (Páras, an Fhrainc) (ionadaithe: A. Gosset-Grainville, M. Trabucchi agus M. Dalon, Dlíodóirí)

*Cosantóir:* Banc Ceannais na hEorpa

**An t-ordú atá á lorg**

Iarann an t-iarratasóir ar an gCúirt Ghinearálta:

— roinn 1.10 agus ranna 3.10.1 go 3.10.8 de chinneadh BCE Uimh. ECB-SSM-2022-FRBNP-7 (arna ghlacadh i dteannta a iarscríbhinní) an 2 Feabhra 2022, sa mhéid go bhforordaítear leis na bearta atá le glacadh maidir le gealltanais íocaíochta neamh-inchúlghairthe a bhaineann le scéimeanna ráthaíochta taiscí nó cistí réitigh, a chur ar neamhní;

— a ordú don chosantóir na costais go léir a íoc;

— beart eagrúcháin nós imeachta a ghlacadh, de bhun Airteagail 88 agus 89 de na Rialacha Nós Imeachta, atá beartaithe le háirithiú go gcuireann BCE na cinntí maidir leis na gealltanais íocaíochta neamh-inchúlghairthe a glacadh le haghaidh institiúidí baincéireachta eile do 2021 in iúl, go háirithe iadsan a bhaineann le hinstitiúidí baincéireachta eile na Fraince.

**Saincheisteanna dlí agus príomhargóintí**

Mar thaca leis an gcaingean, maíonn an t-iarratasóir ceithre shaincheist dlí.

1. An chéad saincheist dlí lena n-éilítear earráid dlí agus sárú ar Airteagal 266 CFAE. Maíonn an t-iarratasóir ina leith sin, gur sháraigh BCE na cumhachtaí a thugtar dó le Rialachán Uimh. 1024/2013 ([1]), mar atá sonraithe i gcásdlí Chúirt Ghinearálta an Aontais Eorpaigh trí bheart de phrionsabal ginearálta a fhorchur, i gcomhthéacs an chinnidh atá faoi chonspóid, agus é bunaithe ar réasúnaíocht nach gcuireann a staid stuamachta aonair san áireamh.

2. An dara saincheist dlí lena n-éilítear earráid fhollasach measúnaithe agus sárú ar phrionsabal an dea-riaracháin. Measann an t-iarratasóir gur tháinig BCE, trí mhainneachtain na heilimintí ábhartha go léir a bhí ina saintréithe dá chás sonrach a chur san áireamh, ar chonclúidí earráideacha maidir leis na rioscaí stuamachta a tharlódh trí úsáid a bhaint as gealltanais íocaíochta neamh-inchúlghairthe ("GIN") ar a staid aonair.

3. An tríú saincheist dlí lena n-éilítear earráid dlí mar gheall ar bhaint na héifeachtachta d'fhorálacha dhlí an Aontais Eorpaigh lena rialaítear úsáid GIN. De réir an iarratasóra, ós rud é gur bhunaigh BCE a anailís ar bhreithnithe prionsabail nárbh fhéidir a bheith mar thoradh orthu ach ceanglas chun GIN a asbhaint ina n-iomlán ó chaipiteal Ghnáthchothromas Leibhéal 1, d'fhágfadh sé sin go mbainfí an éifeachtacht de na téacsanna dlí de chuid an Aontais lena n-údaraítear d'institiúidí creidmheasa GIN a úsáid chun cuid dá n-oibleagáidí a chomhlíonadh i leith cistí réitigh agus scéimeanna ráthaíochta taiscí.

4. An ceathrú saincheist dlí lena n-éilítear sárú ar phrionsabal na comhréireachta, ar an bhforas gur fhorchuir BCE ar an iarratasóir beart asbhainte gan údar maith a bheith leis agus a bhí díréireach i bhfianaise a staid stuamachta.

---

(1) Rialachán (AE) Uimh. 1024/2013 ón gComhairle an 15 Deireadh Fómhair 2013 lena dtugtar cúraimí sonracha don Bhanc Ceannais Eorpach maidir le beartais a bhaineann le maoirseacht stuamachta ar institiúidí creidmheasa (IO 2013 L 287, lch. 63).

---

**Caingean arna tabhairt an 12 Aibreán 2022 – BPCE agus páirtithe eile v BCE**

**(Cás T-187/22)**

(2022/C 213/62)

*Teanga an cháis: an Fhraincis*

**Páirtithe**

*Iarratasóirí:* BPCE (Páras, an Fhrainc) agus an 51 iarratasóir eile (ionadaithe: A. Gosset-Grainville, M. Trabucchi agus M. Dalon, Dlíodóirí)

*Cosantóir:* Banc Ceannais na hEorpa

**An t-ordú atá á lorg**

Iarann na hiarratasóirí ar an gCúirt Ghinearálta:

— roinn 1.3 agus ranna 3.3.1 go 3.3.8 de chinneadh BCE Uimh. ECB-SSM-2022-FRBPC-10 (arna ghlacadh i dteannta a iarscríbhinní) an 2 Feabhra 2022, sa mhéid go bhforordaítear leis na bearta atá le glacadh maidir le gealltanais íocaíochta neamh-inchúlghairthe a bhaineann le scéimeanna ráthaíochta taiscí nó cistí réitigh, a chur ar neamhní;

— a ordú don chosantóir na costais go léir a íoc;

— beart eagrúcháin nós imeachta a ghlacadh de bhun Airteagail 88 agus 89 de na Rialacha Nós Imeachta, atá beartaithe le háirithiú go gcuireann BCE na cinntí maidir leis na gealltanais íocaíochta neamh-inchúlghairthe a glacadh le haghaidh institiúidí baincéireachta eile do 2021 in iúl, go háirithe iadsan a bhaineann le hinstitiúidí baincéireachta eile na Fraince.

**Saincheisteanna dlí agus príomhargóintí**

Mar thaca leis an gcaingean, maíonn na hiarratasóirí ceithre shaincheist dlí atá comhionann nó cosúil leosan a agraítear i gcomhthéacs chás T-186/22, BNP Paribas v BCE.

---